C/2026/5957

10.11.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/5957)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Baden'

Uimhir thagartha AE: PDO-DE-A1264-AM02 — 17.9.2026

1. **Ainm an táirge**

'Baden'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Ghearmáin

5. **An Ballstát atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Chónaidhme Talmhaíochta, Bhia agus Féiniúlachta Réigiúnaí (BMLEH)

Ainm

An Oifig Cónaidhme Talmhaíochta agus Bia (BLE)

6. **Cáilíocht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Gearmáine go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143.

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge de réir an tsainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar an ATFC 'Nahe' le haon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad. go sonrach:

(a) níl i gceist leo athrú ar an ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar na táirgí nó ar na catagóirí táirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

(b) níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

Measann údaráis na Gearmáine dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach an t-iarratas.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) formheasta**

Teideal

Tuairisc ar an bhfíon

Tuairisc

Tugadh tuairisc ar thréithe orgánaileipteacha na dtáirgí éagsúla.

Cosaint:

Rinneadh na tuairiscí ar shaintréithe orgánaileipteacha na bhfíonta níos caolchúisí chun na táirgí éagsúla a léiriú ar bhealach níos fearr. Is é an aidhm atá ann béim a leagan, ar an gcéad dul síos, ar shaintréithe orgánaileipteacha aonair na dtáirgí agus, ar an dara dul síos, ar an iliomad gnéithe a bhaineann leo. D'ainneoin na tuairisce a tugadh go nuige seo, ba cheart na saintréithe aonair a leagan amach ar bhealach níos sonraí agus níos gonta.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha

Tuairisc

Scriosadh an fhaisnéis a bhí ann roimhe seo agus rinneadh tagairt anois don reachtaíocht atá ann cheana maidir le cleachtais fhíoneolaíocha shonracha, srianta ábhartha ar chleachtais fhíoneolaíocha agus saothraithe.

Cosaint:

Leis an tagairt don reachtaíocht atá ann faoi láthair, seachnaítear an reachtaíocht focal ar fhocal a atáirgeadh sa tsonraíocht táirge, mar a rinneadh roimhe seo. Dá bhrí sin, rinneadh an tsonraíocht táirge níos gonta agus níos soiléire don léitheoir, ar féidir leis a fheiceáil ar an tsracfhéachaint nach sáraíonn aon srian an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Uastáirgeacht in aghaidh an heicteáir

Tuairisc

I dteannta na rialacha atá ann cheana, cuireadh isteach an fhéidearthacht go ndéanfadh comhlachas cosanta ATFC 'Baden' an uastáirgeacht in aghaidh an heicteáir a mhéadú nó a laghdú i mblianta ina bhfuil dálaí aimsire eisceachtúla ann. Tá cinntí den sórt sin teoranta do bhliain an fhíona faoi seach agus foilseofar iad de réir mar is iomchuí de réir cleachtas áitiúil.

Cosaint:

Leis an bhféidearthacht nua sin an uastáirgeacht in aghaidh an heicteáir a mhéadú nó a laghdú i mblianta ina bhfuil dálaí aimsire eisceachtúla ann, beidh an comhlachas cosanta in ann freagairt go hiomchuí do theagmhais adhaimsire. Agus an t-athrú aeráide ag dul chun cinn, rud a chruthaíonn dúshláin mhéadaitheacha do shaothraithe fíniúna, is bealach úsáideach í an rogha nua seo chun bheith in ann freagairt go solúbtha do ghéarchéimeanna aimsire amach anseo.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Cineálacha fíonchaor

Tuairisc

Amach anseo, liostófar na cineálacha fíniúna faoi na ceannteidil 'cineálacha fíniúna gile' agus 'cineálacha fíniúna deirge' in ionad 'fíonta geala' agus 'fíonta dearga agus *rosé*'.

Cuireadh na cineálacha seo a leanas isteach faoi ‘cineálacha fíniúna gile’:

Alvarinho, Blauer Silvaner, Blütenmuskateller, Cabernet Blanc, Calardis Blanc, Chardonel, Completer, Donauriesling, Felicia, Fidelio, FR 391-52, FR 523-52, Glera, Goldmuskateller, Grüner Adelfränkisch, Grüner Veltliner, Grünfränkisch, Hecker, Hibernal, Hölder, Huxelrebe, Juwel, Kernling, Manzoni Bianco, Melon, Morio Muskat, Muskat-Gutedel, Ortega, Ortlieber, Phoenix, Rabaner, Rieslaner, Rosa Chardonnay, Roter Müller-Thurgau, Roter Riesling, Ruling, Saphira, Sauvignac, Sauvignon Gris, Sauvitage, Savagnin Blanc, Seyval blanc, Siegerrebe, Veritage, WE 70-274-12, Weißer Elbling, Weißer Lagler, Weißer Räuschling, Zähringer.

Cuireadh na cineálacha seo a leanas isteach faoi ‘cineálacha fíniúna deirge’:

Accent, Barbera, Blauburger, Blauer Frühburgunder, Blauer Spätburgunder, Bolero, Cabaret Noir, Cabernet Cantor, Cabernet Carol, Cabernet Jura, Cabertin, Calabrese, Carignan Noir, Carillon, Diolinoir, Divico, Dolcetto, Domina, Färbertraube, FR 236-75r, FR 362-75r, FR 407-83r, FR 452-87r, FR 453-87r, FR 485-87r, FR 486-87r, FR 521-89r, FR 629-2005r, FR 652-2005r, FR 742-2006r, FR 748-2006r, Gm 674-1, Gm 7217-5, Grenache noir, Hartblau, Hegel, Kleiner Fränkischer Burgunder, Kolor, Laurot, Leon Millot, Levitage, Malbec, Marechal Foch, Marselan, Monastrell, Müllerrebe, Muskat-Trollinger, Nebbiolo, Petit Verdot, Pinot Nova, Pinotage, Pinotin, Piroso, Primitivo, Rondo, Sangiovese, Satin Noir, Tannat, Tinto Cao, Touriga Nacional, VB Cal 1-22, Vidoc, We 70-281-36, We 90-6-12, We 94-26-36.

Cosaint:

Amach anseo, liostófar na cineálacha fíonchaor faoi na ceannteidil ‘cineálacha fíonchaor geal’ agus ‘cineálacha fíonchaor dearg’ seachas ‘fíonta geala’ agus ‘fíonta dearga agus rosé’, ós rud é gurb é an liosta de chineálacha fíonchaor sa tsonraíocht táirge, seachas an táirge deiridh, a chinneann cé acu is féidir nó nach féidir cineálacha a shaothrú. Tá na cineálacha nua a cuireadh isteach á saothrú, tá a n-oiriúnacht cruthaithe acu cheana féin, agus tá na fíonta a dhéantar astu i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Ceanglais is infheidhme faoi reachtaíocht an Aontais nó reachtaíocht náisiúnta / ceanglais atá leagtha síos ag eagraíocht a bhfuil an ATFC/TGFC á bhainistiú aici

Tuairisc

Tuairisc:

Soiléiríodh cé na téarmaí traidisiúnta atá sainordaitheach agus cé na téarmaí atá roghnach ar lipéadú fíonta agus táirgí fíona.

Cosaint:

Is é is aidhm do na rialacha leasaithe maidir le téarmaí traidisiúnta na rialacha lipéadaithe le haghaidh fíonta agus táirgí fíona ATFC ‘Baden’ a shoiléiriú maidir le téarmaí a úsáidtear sa bhreis ar an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint atá ann cheana. Tá na leasuithe bunaithe ar choigeartú riachtanach ar an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Tuairisc:

Tá na rialacha maidir le haonaid gheografacha níos lú leagtha amach anois, ina dtugtar tuairisc ar conas agus cá mhéid a sholáthraíonn an clár fíonghort liosta d’ainmneacha limistéar, fíonghort ar scála mór agus fíonghort aonair agus córas páirceanna neamhfhálaithe a fhéadfar a úsáid mar limistéir gheografacha níos lú. Cuirtear míniú ar fáil maidir leis an bhfreagracht as an gclár fíonghort a bhainistiú agus maidir leis na bunúis dlí bhunúsacha chun an clár a bhunú agus a choinneáil ar bun.

Cosaint:

Tagraíonn an riail faoi phointe 10.2 don chlár fíonghort mar chlár tásca geografach atá níos lú ná ATFC ‘Baden’. Is é is cuspóir don tagairt sin a shoiléiriú cé na tásca geografacha níos lú is féidir a úsáid i gcomhar le ATFC ‘Baden’, feidhm an chláir fíonghort a mhíniú mar liosta d’aonaid gheografacha níos lú agus inniúlacht a shannadh de réir mar is iomchuí.

Tuairisc:

Luaitear sa tsonraíocht táirge nach féidir fíon a mhargú le tásc ar an gcineál fíniúna ach amháin má úsáidtear a ainm iarbhír ar an lipéadú freisin. Leagtar síos leis freisin gur féidir cumasc a dhéanamh le tréithchineálacha nua agus i gcás ina ndéantar táirge as fíonchaora ó thréithchineálacha nua go heisiach, ní mór é a mhargú gan an cineál fíniúna a shonrú ar an lipéad.

Cosaint:

Is í an riail nua faoi phointe 10.4 é a chur ar a chumas don chomhlachas cosanta an sprioc a shaothrú maidir le hardcháilíocht bhunúsach tháirgí ATFC 'Baden' a dhéanamh infheicthe freisin i margú na dtáirgí. Margaíocht gan ainmneacha iarbhír a úsáid agus gan ach uimhreacha tréithchineálacha a úsáid, d'fhéadfadh sin mearbhall a chur ar thomhaltóirí agus an bonn a bhaint den aidhm próifíl na dtáirgí a ardú. Ar an gcúis sin, faoin riail sin, roghnaigh an comhlachas cosanta gan táirgí a lipéadú le huimhreacha tréithchineálacha.

Tuairisc:

Luaitear i bpointe 10.5 den tsonraíocht táirge maidir le *Qualitätswein* [fíon ar ardchaighdeán], *Prädikatswein* [fíon lena ngabhann saintréithe ar leith], *Qualitätsperlwein b.A.* [fíon leathshúilíneach ar ardchaighdeán ó réigiún sainithe], *Sekt b.A.* [fíon súilíneach ó réigiún sainithe], *Qualitätslikörwein* [fíon licéir ar ardchaighdeán] agus *Federweißer* [fíon geal óg] ar a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Baden', gur féidir iad a tháirgeadh i liosta áirithe ceantar tuaithe nó uirbeach lasmuigh de limistéar an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

Deimhníodh go bhfuil na hairíonna céanna ag táirgí a chumhdaítear le ATFC 'Baden' a dhéantar lasmuigh den limistéar geografach críochaithe agus atá ag na táirgí a dhéantar laistigh den limistéar geografach críochaithe.

Cosaint:

Tharla an eisceacht sin le himeacht ama agus is éard is cúis léi struchtúr limistéar fíonsaothrúcháin Baden a chuimsíonn thart ar 400 ciliméadar agus ina bhfuil naoi suíomh atá scaipthe go forleathan. Mar gheall ar dheighilt stairiúil na ndáileachtaí talún, tá sé de shaintréith sa bhfíonsaothrú in Baden freisin gurb ann do líon mór fíonlann beag agus ardleibhéal próiseála comhchoitinne fíonchaor. Dá bhrí sin, uaireanta bíonn an acmhainneacht coinnithe i siléar, stórála agus phróiseála comhchruinnithe go traidisiúnta i saoráidí lárnacha nó speisialaithe agus ní gá go mbeadh sí suite laistigh den limistéar geografach críochaithe.

Is amhlaidh atá, go háirithe, i gcás fíon leathshúilíneach agus fíon súilíneach ar ardchaighdeán, a mbíonn brú, teicneolaíocht coipiúcháin agus buidéalúcháin nó an dara trealamh coipiúcháin speisialaithe ag teastáil chun iad a tháirgeadh. Is amhlaidh atá freisin i gcás fíon licéir, a mbíonn trealamh sonrach teicniúil agus fíoneolaíoch ag teastáil chun é a tháirgeadh. Úsáidtear acmhainneacht choipiúcháin, stórála, fuarúcháin, chobhsúcháin agus bhuidéalúcháin lasmuigh de limistéar ATFC 'Baden' freisin chun fíon agus úrfhíon fíonchaor leathchoipthe a tháirgeadh mar gheall ar struchtúr an táirgeora ar mionscála.

Ceadaítear leis an eisceacht gur féidir leanúint de na traidisiúin táirgthe sin. Thairis sin, ní dhéantar difear do thionscnamh na bhfíonchaor. Ní mór d'fhíonchaora leanúint de bheith ag teacht ón limistéar geografach críochaithe agus ceanglais uile na sonraíochta táirge a chomhlíonadh. Ráthaíonn taifeadadh éigeantach agus rialuithe oifigiúla inrianaitheacht agus comhlíonadh na sonraíochta táirge fiú i gcás ina dtarlaíonn an táirgeadh lasmuigh den limistéar geografach. Dá bhrí sin, ní chuireann an eisceacht leis an limistéar tionscnaimh ach tá feidhm aici go heisiach maidir le céimeanna próiseála iartheachtacha.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Comhlacht rialúcháin

Tuairisc

Baineadh na comhlachtaí rialúcháin agus a gcúraimí den tsonraíocht táirge agus liostaítear iad i ndoiciméad ar leithligh.

Cosaint:

Níor léirigh na tuairiscí roimhe seo ar chúraimí na gcomhlachtaí rialaithe aonair an staid reatha a thuilleadh agus ba ghá iad a choigeartú.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Eile

Tuairisc

Tuairisc:

Rinneadh athruithe eagarthóireachta i gcomhréir le ceanglais an Aontais.

Scriosadh sleachta sa téacs ina n-atáirgtear rialacha ginearálta agus cuireadh isteach tagairt do 'reachtaíocht reatha'.

Cosaint:

Rinneadh athruithe eagarthóireachta chun ceanglais an Aontais a chomhlíonadh.

Leasaíodh sleachta sa téacs ina n-atáirgtear rialacha ginearálta dá réir agus cuireadh isteach tagairt do 'reachtaíocht reatha' amháin anois. Bhí gá leis sin chun soiléiriú a dhéanamh ar na háiteanna nach atáirgeann an tsonraíocht táirge ach an reachtaíocht.

Tuairisc:

Rinneadh struchtúr na sonraíochta táirge a chur i gcomhréir leis an doiciméad aonair.

Cuireadh ceantair áirithe isteach nó scriosadh iad, ach níl aon athrú ar chríochú an limistéir. Is nuashonrú amháin a rinneadh ar an léarscáil fíonsaothrúcháin ina léirítear status quo an limistéir faoi fhíniúnacha agus na limistéir ar a dtugtaí an 'Speckgürtel' roimhe seo (na limistéir in aice láimhe). Thairis sin, liostaíodh na ceantair aonair faoina limistéir faoi seach laistigh de ATFC 'Baden'. Rinneadh críochú an limistéir a thuairiscítear sa tsonraíocht táirge a fhorlíonadh le liosta táblaithe de na dáileachtaí talún comhpháirteacha. Tá sé sin le fáil san Iarscríbhinn.

Cosaint:

Tugadh struchtúr na sonraíochta táirge i gcomhréir leis an doiciméad aonair chun feabhas a chur ar inléiteacht na sonraíochta táirge agus chun comhsheasmhacht a bhaint amach idir an dá dhoiciméad i dtéarmaí a bhfoirme agus a n-inneachair.

Tuairisc:

Soiléiríodh an nasc leis an limistéar i roinnt áiteanna. Mar shampla, leathnaíodh an tuairisc ar an gcatagóir 'úrfhíon fíonchaor leathchoipthe', a bhí san áireamh cheana féin sa tsonraíocht táirge. Meastar gur leasuithe caighdeánacha iad na hathruithe sin i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 toisc nach gcuireann siad an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní. Thairis sin, cuireadh an téarma traidisiúnta 'Federweißer' isteach.

Cosaint:

Níor athraíodh críochú an limistéir. Ina ionad sin, cuireadh roinnt ceantar leis an tsonraíocht táirge toisc nár bunaíodh iad go dtí le déanaí tar éis athchóirithe polaitiúla, nó toisc gur fágadh ar lár iad de dhearmad, rud a chiallaíonn go raibh an léarscáil fíonsaothrúcháin neamhiomlán. Baineadh roinnt ceantar den tsonraíocht táirge freisin, arís mar thoradh ar athchóirithe polaitiúla amháin, gan críochú an limistéir a athrú.

Chun soiléireacht níos fearr a áirithiú agus chun an aidhm a bheidh ann amach anseo, an phróifíl a bhaineann go sonrach le limistéar a ardú, a léiriú sa tsonraíocht táirge cheana féin, liostaíodh ceantair faoina limistéir faoi seach laistigh de ATFC 'Baden'.

Ní mór limistéar ATFC 'Baden' a chríochú go han-bheacht, ionas nach mbeidh aon débhríocht ann. Is é is cúis leis sin ligean do tháirgeoirí, do na húdaráis inniúla agus do na comhlachtaí rialúcháin an limistéar geografach a shainaithint go soiléir. Chuige sin, tá gá le léarscáileanna ina dtaispeántar an críochú beacht de réir dáileacht talún mar aon le táblaí ina liostaítear na dáileachtaí talún ábhartha uile. Ar an gcúis sin, cuireadh táblaí ina liostaítear na dáileachtaí talún agus na léarscáileanna ábhartha uile ina léirítear an críochú atá bunaithe ar dháileacht talún i gceangal leis an tsonraíocht táirge. Is féidir breathnú ar na léarscáileanna sin ag www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein.

Soiléiríodh an tuairisc ar an nasc leis an limistéar geografach chun an tsonraíocht táirge a oiriúnú d'fhírinne na ndálaí ar an talamh. Níl i gceist le catagóir an úrfhíona fíonchaor leathchoipthe, a bhí mar chuid den tsonraíocht táirge cheana féin, a chur isteach ach leasú eagarthóireachta agus, dá bhrí sin, meastar gur leasú caighdeánach é.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

'Baden'

Uimhir thagartha AE: PDO-DE-A1264-AM02 — 17.9.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Baden'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Ghearmáin

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear iad i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

Fíon

Fíon licéir

Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

Fíon leathshúilíneach

Úrfhíon fíonchaor leathchoipthe

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

Fíon, geal

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath idir buí éadrom agus órga le toin scothghlasa, ar dhath an airgid nó beagán scothdhearg.

Dea-bholadh

Úr agus torthaíoch de ghnáth, ach mionbholaithe bláthanna agus plandúla agus spíosracha air freisin.

Blas

Struchtúr aigéid atá galánta go séimh. Ag brath ar an modh aosaithe a úsáidtear, d'fhéadfadh struchtúr feanólach iontach, dea-bholaithe tósta nó adhmaid, agus iarbhlas mín a bheith ar na fíonta freisin.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon, dearg

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Geal, idir dearg meánach agus dúdhearg, uaireanta le himireacha idir donn agus gorm nó fiú corcra.

Dea-bholadh

Dea-bholaithe a chuireann silíní agus caora idir éadrom agus dorcha i gcuimhne, in éineacht le siollaí spíosracha agus siollaí láidre tósta nó adhmaid air b'fhéidir.

Blas

Blas idir mín agus méith agus struchtúr aigéid measartha. Ag brath ar an modh aosaithe a úsáidtear, feanóil idir fíneálta agus suntasach.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon, blanc de noirs

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath an fhíona ghil atá ina chomhartha sóirt den réigiún.

Dea-bholadh

Idir dea-bholadh bláthacha agus torthaíoch, fiú siollaí beagán spíosrach air.

Blas

Aigéadacht idir séimh agus éadrom de ghnáth.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	—
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon, Rotling

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Idir dearg geal éadrom agus dearg geal suntasach, uaireanta dath dearg an bhradáin air fiú.

Dea-bholadh

Torthaíoch, spíosrach uaireanta fiú, agus siollaí caor, torthaí póma agus torthaí citris air.

Blas

Blas idir mín agus méith agus struchtúr aigéid bríomhar de ghnáth.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	—
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon súilíneach ar ardchaighdeán, geal

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Idir broidearnach shuntasach agus bhroidearnach chumhachtach.

Dea-bholadh

Torthaíoch go haibí agus giostach, agus struchtúr aigéid bríomhar ann.

Blas

Dea-bholaithe galánta, torthaíocha fíneálta. Ag brath ar an gcineál a úsáidtear, bíonn siad idir bríomhar agus éadrom agus substaintiúil agus bíonn uigeacht mhín agus, ar a mhéad, struchtúr measartha tainnine acu.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	—
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon súilíneach ar ardchaighdeán, dearg

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Glan, le boilgeoga míne nó cúr mín, dearg meánach go dúdhearg, uaireanta le himireacha donna nó gorma.

Dea-bholadh

Dea-bholaithe a chuireann torthaí agus spíosraí i gcuimhne den chuid is mó.

Blas

Siollaí inaitheanta tainnine, atá láidir sa bhéal den chuid is mó, in éinecaht le siollaí adhmaid uaireanta.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	—
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon súilíneach ar ardchaighdeán, *rosé*

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Glan, le bolgáin mhíne nó cúr mín, bándearg éadrom go dearg éadrom, uaireanta le dath scothdhearg nó scothghorm air. Is féidir dath fíona ghil a bheith ar fhíonta Weißherbst freisin. Bíonn dath an fhíona ghil ar fhíonta Blanc de noirs, agus fordhath beag dearg ar a mhéad.

Dea-bholadh

Dea-bholaithe a chuireann torthaí agus spíosraí i gcuimhne den chuid is mó.

Blas

Ag brath ar na cineálacha fíniúna agus ar aois na bhfíniúnacha, bíonn blas idir éadrom agus substaintiúil orthu, agus bíonn aigéadacht shéimh den chuid is mó acu agus gan níos mó ná siollaí tainnine orthu.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—

Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	—
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon, *rosé*

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Geal, idir bándearg éadrom agus dearg éadrom, agus dath scothdhearg nó scothghorm air uaireanta. Is féidir dath fíona ghil a bheith ar fhíonta Weißherbst freisin.

Dea-bholadh

Bláthanna, caora dearga agus torthaí. Is féidir dea-bholaithe spíosracha agus siollaí éadroma tainnine a bheith orthu freisin.

Blas

Aigéadacht idir séimh agus éadrom de ghnáth.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	—
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon, blanc de noirs

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Go ginearálta déantar fíonta Blanc de noirs ar an mbealach céanna le fíon geal agus bíonn an dath a bhíonn orthu laistigh raon dathanna na bhfíonta geala atá ina gcomhartha sóirt de chuid an réigiúin.

Dea-bholadh

Idir dea-bholadh bláthacha agus torthaíoch, fiú siollaí beagán spíosrach air.

Blas

Aigéadacht idir séimh agus éadrom de ghnáth.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	—
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon, Rotling

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Idir dearg geal éadrom agus dearg geal suntasach, uaireanta dath dearg an bhradáin air fiú.

Dea-bholadh

Torthaíoch, spíosrach uaireanta fiú, agus siollaí caor, torthaí póma agus torthaí citris air.

Blas

Blas idir mín agus méith agus struchtúr aigéid bríomhar.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	—
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon, Badisch Rotgold

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Idir bándearg éadrom agus dearg éadrom, agus fordhath scothdhearg ar dhath an óir nó scothghorm air uaireanta.

Dea-bholadh

Dea-bholaithe a chuireann bláthanna, torthaí agus spíosraí i gcuimhne.

Blas

Tathagach go réidh agus go substaintiúil agus aigéadacht shéimh den chuid is mó ann.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

Meascán de Grauburgunder agus Spätburgunder.

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	—
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon súilíneach ar ardchaighdeán, geal

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Idir broidearnach shuntasach agus bhroidearnach chumhachtach.

Dea-bholadh

Torthaíoch go haibí agus giostach, agus struchtúr aigéid bríomhar ann.

Blas

Dea-bholaithe galánta, torthaíocha fíneálta. Ag brath ar an gcineál a úsáidtear, bíonn siad idir bríomhar agus éadrom agus substaintiúil agus bíonn uigeacht mhín agus, ar a mhéad, struchtúr measartha tainnine acu.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	—
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon súilíneach ar ardchaighdeán, dearg

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Glan, le boilgeoga míne nó cúr mín, dearg meánach go dúdhearg, uaireanta le himireacha donna nó gorma.

Dea-bholadh

Dea-bholaithe a chuireann torthaí agus spíosraí i gcuimhne den chuid is mó.

Blas

siollaí inaitheanta tainnine, atá láidir sa bhéal den chuid is mó, le siollaí adhmaid uaireanta.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	—
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon súilíneach ar ardchaighdeán, *rosé*

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Glan, le bolgáin mhíne nó cúr mín, bándearg éadrom go dearg éadrom, uaireanta le dath scothdhearg nó scothghorm air. Is féidir dath fíona ghil a bheith ar fhíonta Weißherbst freisin. Bíonn dath an fhíona ghil ar fhíonta Blanc de noirs, agus fordhath beag dearg ar a mhéad.

Dea-bholadh

Dea-bholaithe a chuireann torthaí agus spíosraí i gcuimhne den chuid is mó.

Blas

Ag brath ar na cineálacha fíniúna agus ar aois na bhfíniúnacha, bíonn blas idir éadrom agus substaintiúil orthu, agus bíonn aigéadacht shéimh den chuid is mó acu agus gan níos mó ná siollaí tainnine orthu.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	—
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon súilíneach ar ardchaighdeán, Rotling

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Glan, le bolgáin mhíne nó cúr mín, bándearg éadrom go dearg éadrom, uaireanta le dath scothdhearg nó scothghorm air. Is féidir dath fíona ghil a bheith ar fhíonta Weißherbst freisin. Bíonn dath an fhíona ghil ar fhíonta Blanc de noirs, agus fordhath beag dearg ar a mhéad.

Dea-bholadh

Dea-bholaithe a chuireann torthaí agus spíosraí i gcuimhne den chuid is mó.

Blas

Ag brath ar na cineálacha fíniúna agus ar aois na bhfíniúnacha, bíonn blas idir éadrom agus substaintiúil orthu, agus bíonn aigéadacht shéimh den chuid is mó acu agus gan níos mó ná siollaí tainnine orthu.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	—
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon leathshúilíneach

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Idir bolgáin mhíne agus bolgáin shainiúla. De réir an chineáil fíona, atá inchomparáide leis an gcineál fíona ar a dtugtar tuairisc le haghaidh fíonta geala, fíonta *rosé*, Weißherbst, blanc de noirs, Rotling nó fíonta dearga.

Dea-bholadh

De réir an chineáil fíona, atá inchomparáide leis an gcineál fíona ar a dtugtar tuairisc le haghaidh fíonta geala, fíonta *rosé*, Weißherbst, blanc de noirs, Rotling nó fíonta dearga.

Blas

Boilgearnach go fíneálta sa bhéal. Saintréith thorthaíoch mhín agus úire.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	—
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Úrfhíon fíonchaor leathchoipthe

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Ag brath ar na cineálacha fíniúna a úsáidtear, tá sé moirtiúil agus dath scothbhán, scothghlas nó scothbhuí air.

Dea-bholadh

Blas torthaíoch a chuireann úrfhíon i gcuimhne.

Blas

Dea-bholadh glan coipthe.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
